# AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2018

# AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

**CLÁR** **LEATHANACH**


| | |
|---|---|
| Ráiteas an Chathaoirligh chuig an Aire | 3 |
| Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta | 4 |
| Bunú an Bhoird | 5 |
| Feidhm / Stádas | 5 |
| Comhdhéanamh an Bhoird | 5 |
| Ballraíocht an Bhoird | 6 |
| Freagrachtaí | 6 |
| Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí | 7 |
| Rúnaíocht | 7 |
| Gníomhaíochtaí an Bhoird in 2018 | 7 |
| Achomhairc a Fuarthas in 2018 | 9 |
| Mapa de na hAchomhairc ar Lámh in 2018 | 15 |
| Imeachtaí Dlí 8 | 16 |
| Forbairtí ar an Dlí Pleanála/Comhshaoil | 16 |
| Acmhainní | 16 |
| Comhairliúcháin le Comhlachtaí eile | 16 |
| Rialachas Corparáideach | 16 |
| An Coiste Iniúchta | 18 |
| Tiomantas don Ghaeilge | 18 |
| Cód Eitice agus Iompair Gnó | 18 |
| Láithreán Gréasáin | 18 |
| Focal Scoir | 18 |
| Aguisín 1 - Liosta na ndaoine a bhí fostaithe ag an mBord i rith 2017 de bhun Alt 35 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 | 19 |
| Aguisín 2 Cuntais iniúchta don ALAB don Bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 | 20 |

## RÁITEAS AN CHATHAOIRLIGH
## chuig an
## AIRE TALMHAÍOCHTA, BIA AGUS MARA

### TUARASCÁIL BHLANTÚIL AGUS CUNTAIS 2018

Chuig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara

I gcomhréir leis an Acht Iascaigh (Leasú), 1997, cuireann an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe (an BACD)leis seo, a aonú Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais is fiche i láthair don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2018.

Imelda Reynolds

**Imelda Reynolds**
**Cathaoirleach**

31 Eanaw, 2020

## COMHALTAÍ BOIRD AGUS FAISNÉIS GHINEARÁLTA

| | |
|---|---|
| **CATHAOIRLEACH:** | Imelda Reynolds Uasal |
| **LEASCHATHAOIRLEACH:** | An tUasal Michael Sweeney |
| **GNÁTHCHOMHALTAÍ:** | An tUasal Jim Power |
| | An Dr Owen McIntyre |
| | An tUasal Brendan Brice |
| | An tUasal Michael Mulloy |
| | An tUasal Francis O'Donnell |
| **RÚNAÍ:** | Mary O'Hara Uasal |
| **SEOLADH NA hOIFIGE:** | Cúirt Choill Mhinsí<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Port Laoise<br>Co. Laoise<br>R32 DTW5 |
| **INIÚCHÓIRÍ:** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Foirgneamh an Chisteáin<br>Caisleán Bhaile Átha Cliath<br>Baile Átha Cliath 2<br>D01 PF72 |
| **GUTHÁN:** | +353 (0) 57 8631912 |
| **LÁITHREÁN GRÉASÁIN** | www.alab.ie |
| **SEOLADH RÍOMHPHOIST:** | info@alab.ie |

# AN BORD ACHOMHAIRC UM CHEADÚNAIS DOBHARSHAOTHRAITHE

## BUNÚ AN BHOIRD

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi *Alt 22* den Acht Iascaigh (leasú), 1997 (arna leasú) ("Acht 1997"). Tá gach comhalta Boird páirteach ar an mbord seo ar bhonn páirtaimseartha.

## FEIDHM

Feidhmíonn an Bord faoi choimirce na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Is í feidhm an Bhoird ná údarás neamhspleách a sholáthar chun cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc i gcoinne chinntí an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara i dtaobh iarratais ar cheadúnais dobharshaothraithe. Má bhíonn duine míshásta le cinneadh an Aire i dtaobh iarratais ar cheadúnas dobharshaothraithe, no faoi cúlghairm no leasú ar cheadúnas dobharshaothraithe, is ceadmhach don té sin achomharc a dhéanamh laistigh d'aon mhí amháin dá fhoilsiú (i gcás cinnidh) nó dá fhógairt (i gcás cúlghairme nó leasú).

## STÁDAS

Comhlacht neamhspleách is ea an Bord a bhfuil a mhaoiniú féin aige a chuireann an tOireachtas ar fail faoi *Alt 36* d'Acht 1997.

## COMHDHÉANAMH AN BHOIRD

I gcomhréir le hAlt 23(3) d'Acht 1997, féadfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara rialacháin a dhéanamh ina bhfforordaítear go ndéanann dhá eagraíocht, ar a laghad, comhaltaí an Bhoird a ainmniú. I dtuairim an Aire, ba cheart do na heagraíochtaí siúd ionadaíocht a dhéanamh do na grúpálacha seo a leanas:

(a) eagraíochtaí a bhíonn bainteach le cur chun cinn fhorbairt an dobharshaothraithe nó a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a thugann faoi ghnó i bhforbairt an dobharshaothraithe;

(b) eagraíochtaí a bhíonn bainteach le caomhnú, forbairt agus cosaint na n-iascach fiáin;

(c) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil a ngairmeacha nó a slite beatha bainteach le pleanáil agus forbairt fhisiciúil;

(d) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cosaint agus caomhnú na timpeallachta agus conláistí;

(e) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cur chun cinn forbartha geilleagraí i gcoitinne agus

(e) eagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht do dhaoine a bhfuil baint acu le cur chun cinn forbairt pobail.

## BALLRAÍOCHT AN BHOIRD

Faoi mar a fhoráiltear faoi Alt 23 d'Acht 1997, tá Cathaoirleach agus seisear comhaltaí eile ar an mBord.

Cheap an Rialtas an Cathaoirleach, Imelda Reynolds Uasal, arís i gcomhréir le halt 23(2) d'Acht 1997, ar feadh téarma 5 bliana on 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2024.

Athcheapadh an tUasal Michael Sweeney ar an mBord ar feadh tréimhse cúig bliana eile ón 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2022. Ar an 24 Eanáir 2018 ceapadh an tUasal Sweeney mar Leaschathaoirleach ar an mBord.

Mar thoradh ar fhorálacha alt 24(3) d'Acht 1997, bhí ar an Uasal Sean Murphy an Bord a fhágáil an 20 Bealtaine 2018, i ndiaidh dó an aois a shonraítear in Acht 1997 a bhaint amach.

Athceapadh an tUasal Jim Power an 17 Meitheamh 2016 ar feadh tréimhse trí bliana, a fhad leis an 16 Meitheamh 2019.

Athceapadh an Dr Owen McIntyre an 17 Meitheamh 2016 ar feadh tréimhse trí bliana suas go dtí an 16 Meitheamh 2019.

Athceapadh an tUasal Brendan Brice ar an mBord an 17 Meitheamh 2016 ar feadh tréimhse trí bliana, a fhad leis an 16 Meitheamh 2019.

Ceapadh an tUasal Michael Mulloy ar an mBord an 6 Meitheamh 2018 ar feadh tréimhse cúig bliana, a fhad leis an 5 Meitheamh 2023.

Ceapadh an tUasal Francis O'Donnell ar an mBord an 25 Iúil 2018 ar feadh tréimhse trí bliana, a fhad leis an 24 Iúil 2021.

## FREAGRACHTAÍ

Sonraítear in Acht 1997 príomhfhreagrachtaí agus príomhchumhachtaí an Bhoird, a ndéantar an t-achoimriú seo a leanas orthu:

Faoi *Mhír 40(4)* d'Acht 1997, nuair a fhaigheann an Bord achomharc agus ar choinníoll nach n-aistarraingítear é, is féidir leis an mBord é a chinneadh tríd an méid a leanas a dhéanamh:

(a) cinneadh nó gníomh an Aire a dheimhniú;

(b) cinneadh a dhéanamh faoin iarratas ar an gceadúnas amhail go ndearnadh an t-iarratas chuig an mBord sa chéad ásc; nó

(c) maidir le ceadúnas a chúlghairm nó a leasú, cinneadh an Aire a chur in ionad chinneadh an Bhoird.

Faoi *Alt 43 agus 44* d'Acht 1997, caithfidh an Bord cóip den fhógra achomhairc a chur faoi bhráid an Aire agus gach páirtí eile san achomharc.

Faoi *Alt 46* d'Acht 1997, is féidir leis an mBord aighneachtaí nó tuairimí a lorg ó pháirtithe nó ó dhaoine eile a bhfuil aighneachtaí no tuairimí tugtha don Bhord acu cheana

i dtaca le hachomharc, más é tuairim an Bhoird, agus faoi na cúinsí seo, go bhfuil sé ar leas an cheartais sin a dhéanamh.

Faoi *Alt 47* d'Acht 1997, is féidir leis an mBord iarraidh ar cháipéisí, sonraí nó aon fhaisnéis eile a mheasann sé a bheith riachtanach d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoi achomharc.

Faoi *Alt 49* d'Acht 1997, is féidir leis an mBord, faoina rogha iomlán féin, éisteacht ó bhéal a chur ar siúl i dtaca le hachomharc.

Faoi *Alt 56* d'Acht 1997, caithfidh an Bord a chinntiú go ndéileálfar le hachomhairc agus go ndéanfar cinneadh fúthu gan mhoill agus go ndéanfar gach iarracht moill nach bhfuil gá léi a sheachaint.

## SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ

Faoi *Alt 35* den Acht, is ceadmhach don Bhord aon sainchomhairleoirí nó aon chomhairleoirí a fhostú a mheasann sé a bheith riachtanach chun a fheidhmeanna a chur i gcrích. Íocann an Bord as aon táillí a bhíonn ag dul do chomhairleoirí agus do shainchomhairleoirí as airgead a chuireann an tOireachtas ar fáil. Le héifeacht ón 2 Meán Fómhair 2008 ar aghaidh, tá Comhairleoirí Teicniúla fostaithe ag an mBord agus leanfar den fhostaíocht nuair is gá. Fostaíonn an Bord comhairleoirí eile, chomh maith, faoi mar a bhíonn ag teastáil, chun tacú lena chuid oibre. Tá liosta de na daoine a bhí fostaithe ag an mBord i rith na bliana faoi athbhreithniú san áireamh in Aguisín 1.

## RÚNAÍOCHT

Faoi *Alt 32* den Acht, feidhmeoidh oifigeach de chuid an Aire, a bheidh ina státseirbhíseach bunaithe agus a bheidh ar iasacht leis an mBord chuige sin, ar bhonn lánaimseartha nó páirtaimseartha, mar Rúnaí don Bhord. Is í Mary O'Hara Uasal an Rúnaí lánaimseartha.

# GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN BHOIRD IN 2018

## ACHOMHAIRC AR LÁIMH AN 1 EANAIR 2018

Ag tús 2018, bhí 30 achomharc ar láimh ag an mBord, ina measc tagairtí Achomhairc AP2/1-14 /2015, AP1-4/2017, AP6/2017 agus AP7-11/2017.

## SHOT HEAD, BÁ BHEANNTRAÍ, CO. CHORCAÍ

Bhí 14 achomharc i gceist le **AP2/1-14/2015** i gcoinne an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara chun Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú do Bhradán Fanad Teo atá ag trádáil mar Marine Harvest Ireland, Cionn Droma, Fánaid, Leitir Ceanainn, Contae Dhún na nGall ar shuíomh Tag: T05/555 chun Bradán Atlantach; Salmo Salar a shaothrú ar shuíomh ar an urthrá ag Ceann Shot, Ba Bheanntraí, Contae Chorcaí.

De bhun Alt 42 (1) den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, ("an tAcht"), féadfaidh an Bord, faoina lánrogha, caitheamh le dhá achomharc nó níos mó, agus leis na hachomharcóirí, mar pháirtithe le hachomharc singil. Rinne an Bord an cinneadh chun an lánrogha sin a fheidhmiú agus gach ceann den cheithre achomharc déag a bhreithniú mar achomharc

amháin, mar gheall gur bhain siad leis an iarratas céanna ar cheadúnas. Is féidir leis an mBord, faoina lánrogha, na hachomhairc siúd a scaradh ag aon tráth.

| AP2/1-14/2015 | |
|---|---|
| **Tagairt Achomhairc** | **Achomharcóir** |
| AP2/1/15 | Alec O' Donovan (Rúnaí) Save Bantry Bay |
| AP2/2/15 | Bridget O' Sullivan Uasal thar ceann Chónaitheoirí Rúisc |
| AP2/3/15 | John Brendan O'Keeffe |
| AP2/4/15 | Denis, Kieran agus Jason O'Shea |
| AP2/5/15 | An tUasal Con O' Leary, Cathaoirleach Chumann Slatiascairí Bradán agus Breac Bheanntraí |
| AP2/6/15 | Catherine McManus Uasal, Marine Harvest Ireland |
| AP2/7/15 | Harrington/O'Sullivan/ Murphy/Forker |
| AP2/8/15 | Cumann Slatiascairí Bradán agus Breac Chom Sheola f/ch Teddy O'Brien |
| AP2/9/15 | An tUasal Billy Smyth, Cuan na Gaillimhe in aghaidh Cásanna Bradáin (Galway Bay against Salmon Cages) |
| AP2/10/15 | An tUasal Niall Greene, Salmon Watch Ireland |
| AP2/11/15 | John Hunt |
| AP2/12/15 | Mr Tony Lowes, Cairde Comhshaol na hÉireann (Friends of the Irish Environment) |
| AP2/13/15 | An tUasal Greg Forde, Iascach Intíre Éireann |
| AP2/14/15 | Mr Noel Carr, Rúnaí, Cónaidhm Slatiascairí Bradán agus Breac Geal na hÉireann |

Lean an Bord de bheith a plé leis na hachomhairc seo i rith na bliana 2018 ach ní raibh aon chinneadh déanta ar na hachomhairc sin faoi dheireadh na bliana. Faoi mar a fhoráiltear le hAlt 56(3) den Acht, tá síneadh curtha ag an mBord leis an am chun cinneadh a dhéanamh i leith na nAchomharc seo go dtí an 31 Márta 2020.

**<u>TRÁ NA BRÁD, CO. DHÚN NA nGALL</u>**

Bhí **AP1-4/2017 agus AP6/2017** comhdhéanta de 11 achomharc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnais Dobharshaothraithe a dheonú d'Oisrí an Aigéin Chiúin i dTrá na Brád, i mBá Ghaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall.

De bhun Alt 42 (1) den Acht Iascaigh, féadfaidh an Bord, faoina lánrogha, caitheamh le dhá achomharc nó níos mó, agus leis na hachomharcóirí, mar pháirtithe le hachomharc singil. Rinne an Bord an cinneadh a lánrogha a chur i bhfeidhm maidir le hAchomhairc AP1-4/2017 agus AP6/2017 ar Thrá na Brád, Bá Ghaoth Dobhair, Co. Dhún na nGall agus na 11 achomharc ar fad a chur san áireamh mar achomharc amháin, ós rud é go mbaineann siad leis na limistéir cheadúnais chéanna nó tá siad cóngarach dá chéile. Is féidir leis an mBord, faoina lánrogha, na hachomhairc siúd a scaradh ag aon tráth.

| AP1-4/2017 & AP6/2017 | | | |
|---|---|---|---|
| **Tagairt Achomhairc** | **Tagairt Suímh** | **Achomharcóir** | **Ceadúnaí** |
| AP1/1/2017 | T12/410 A&B | Carrickfinn Trust Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta & Daoine Eile | Thierry Gillardeau & Desmond Moore |
| AP1/2/2017 | T12/410 A&B | Coiste Timpeallachta an Ghaoith | Thierry Gillardeau & |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | f/c Áislann Rann na Feirste | Desmond Moore |
| AP2/1/2017 | T12/419 A, B & C | Carrickfinn Trust Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta & Daoine Eile | Celtic Kerber Ltd |
| AP2/2/2017 | T12/419 A, B & C | Anraí Ó Domhnaill f/c Carrickfinn Wild Atlantic | Celtic Kerber Ltd |
| AP2/3/2017 | T12/419 A, B & C | Coiste Timpeallachta an Ghaoith f/c Áislann Rann na Feirste | Celtic Kerber Ltd |
| AP3/1/2017 | T12/430 A & B | Carrickfinn Trust Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta & Daoine Eile | John Boyle Ltd |
| AP3/2/2017 | T12/430 A & B | Coiste Timpeallachta an Ghaoith f/c Áislann Rann na Feirste | John Boyle Ltd |
| AP4/1/2017 | T12/438 A & B | Carrickfinn Trust Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta & Daoine Eile | Gary Boyle Ltd |
| AP4/2/2017 | T12/438 A & B | Coiste Timpeallachta an Ghaoith f/c Áislann Rann na Feirste | Gary Boyle Ltd |
| AP6/1/2017 | T12/461A | Coiste Timpeallachta an Ghaoith f/c Áislann Rann na Feirste | Brendan Boyle |
| AP6/2/2017 | T12/461A | Carrickfinn Trust Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta & Daoine Eile | Brendan Boyle |

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Faoi mar a fhoráiltear le hAlt 56(3) den Acht, tá síneadh curtha ag an mBord leis an am chun cinneadh a dhéanamh i leith na nAchomharc seo go dtí an 31 Márta 2020.

## TRÁ BHRÉIGE, CO. DHÚN NA nGALL

Tá **AP7 - 11/2017** comhdhéanta de chúig (5) achomharc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnais Dobharshaothraithe a dhiúltú d'Oisrí an Aigéin Chiúin i dTrá Bhréige, Co. Dhún na nGall.

De bhun Alt 42 (1) den Acht Iascaigh, féadfaidh an Bord, faoina lánrogha, caitheamh le dhá achomharc nó níos mó, agus leis na hachomharcóirí, mar pháirtithe le hachomharc singil. Rinne an Bord an cinneadh chun a lánrogha a chur i bhfeidhm maidir le hAchomhairc AP7-11 i dTrá Bhréige, Dún na nGall agus gach ceann den chúig (5) achomharc a bhreithniú mar achomharc amháin, mar gheall gur bhain siad leis na limistéir cheadúnais chéanna nó go raibh siad cóngarach dá chéile.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP7/2017 | T12/470 | Michael McLaughlin | Michael McLaughlin |
| AP8/2017 | T12/426 | James Ball | James Ball |
| AP9/2017 | T12/471 | Marjorie Doherty | Marjorie Doherty |
| AP10/2017 | T12/475 | Michael agus Eunan McLaughlin | Michael agus Eunan McLaughlin |
| AP11/2017 | T12/434 | Barr Oysters | Barr Oysters |

Rinne an Bord cinneadh ar na hachomhairc seo an 14 Samhain 2018 de bhun Alt 40(4)(b) den Acht trí chinneadh a dhéanamh go ndearnadh an t-iarratas ar an gceadúnas amhail is go ndearnadh an t-iarratas chuig an mBord sa chéad ásc.

**ACHOMHAIRC A FUARTHAS I RITH 2018**

Fuair an Bord caoga (50) Achomharc i rith na bliana 2018, agus b'ionann sin agus méadú beagnach 300% ar an leibhéal achomhairc a fuarthas sa bhliain 2017.

**INIS FEARN ARD, CO. CHORCAÍ**

Bhain **AP1/2018** le hachomharc in aghaidh chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara leasú a dhéanamh ar Cheadúnas Dobharshaothraithe a bhí ag Marine Harvest chun an Bradán Atlantach a shaothrú ar shuíomh T5/233 ag Inis Fearn Ard, Co. Chorcaí.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP1/2018 | T5/233 | Marine Harvest Ireland | Marine Harvest Ireland |

Rinne an Bord cinneadh faoin Achomharc an 4 Bealtaine 2018 de bhun alt 40(4)(c) den Acht trí chinneadh an Aire a chur in ionad chinneadh an Bhoird.

**LOCH SÚILÍ, CO. DHÚN NA nGALL**

Bhí **AP2 - 5/2018** comhdhéanta de cheithre (4) achomharc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnais Dobharshaothraithe a dheonú chun an Diúilicín/Oisre an Aigéin Chiúin a shaothrú ag Suíomhanna i Loch Súilí, Co. Dhún na nGall.

De bhun Alt 42 (1) den Acht Iascaigh, féadfaidh an Bord, faoina lánrogha, caitheamh le dhá achomharc nó níos mó, agus leis na hachomharcóirí, mar pháirtithe le hachomharc singil. Rinne an Bord an cinneadh chun a lánrogha a chur i bhfeidhm maidir le hAchomhairc AP2-5/2018 i Loch Súilí, Co. Dhún na nGall agus gach ceann den ceithre (4) achomharc a bhreithniú mar achomharc amháin, mar gheall gur bhain siad leis na limistéir cheadúnais chéanna nó go raibh siad cóngarach dá chéile.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP2/2018 | T12/37 | Lough Swilly Wild Oyster Society Limited | Lough Swilly Shellfish Growers Co-operative Society Ltd |
| AP3/2018 | T12/37 | Coastwatch Ireland | Lough Swilly Shellfish Growers Co-operative Society Ltd |
| AP4/1/2018 | T12/37 | Adrien Weir | Lough Swilly Shellfish Growers Co-operative Society Ltd |
| AP5/2018 | T12/343 | Lough Swilly Wild Oyster Society Limited | Alan O'Sullivan |

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Rinne an Bord cinneadh ar na hAchomharc an 19 Feabhra 2019, de bhun Alt 40(4)(a) den Acht, trí sheasamh le cinneadh an Aire.

## BÁ DHÚN MÁNAIS, CO. CHORCAÍ

**Tá AP6/1-2/2018** comhdhéanta de dhá (2) achomharc in aghaidh chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú do Dunmanus Bay Mussels Ltd., chun Diúilicíní a shaothrú ag baint úsáid as spiléir agus rópaí ag Bá Dhún Mánais lasmuigh, Co. Chorcaí ar Shuíomh T05/590A

| Tagairt Achomhairc | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|
| AP6/1/2018 | Aturnaetha Barry Doyle thar ceann Angela Putz, Robert Putz, Angela Putz Jr., Anna Putz agus Cashelfean Developments Ltd agus Cumann Mara Bhá Dhún Mánais | Dunmanus Bay Mussels Ltd |
| AP6/2/2018 | Victor & Lynda Morgan | Dunmanus Bay Mussels Ltd |

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Faoi mar a fhoráiltear le hAlt 56(3) den Acht, tá síneadh curtha ag an mBord leis an am chun cinneadh a dhéanamh i leith na n-achomharc seo go dtí an 31 Márta 2020.

## CUAN BHANÚ, CO. LOCH GARMAN

Bhí **AP7/1-3/2018** comhdhéanta de thrí (3) achomharc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnais Dobharshaothraithe a dhiúltú chun Oisrí a shaothrú trí úsáid a bhaint as málaí agus tristéil ag suíomhanna i gCuan Bhanú, Co. Loch Garman.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP7/1/2018 | T03/87A | Hook Head Shellfish Ltd | Hook Head Shellfish Ltd |
| AP7/2/2018 | T03/88A, B & C | Fitzpatrick Oysters Ltd | Fitzpatrick Oysters Ltd |
| AP7/3/2018 | T03/86A, B & C | Tomás Ffrench | Tomás Ffrench |

De bhun Alt 42 (1) den Acht Iascaigh, féadfaidh an Bord, faoina lánrogha, caitheamh le dhá achomharc nó níos mó, agus leis na hachomharcóirí, mar pháirtithe le hachomharc singil. Rinne an Bord an cinneadh chun a lánrogha a chur i bhfeidhm maidir le hAchomhairc AP7/1-3/2018 i gCuan Bhanú, Co. Loch Garman agus gach ceann den trí (3) achomharc a bheithniú mar achomharc amháin, mar gheall gur bhain siad leis na limistéir cheadúnais chéanna nó raibh siad cóngarach dá chéile.

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Rinne an Bord cinneadh ar na hAchomharc an 18 Meitheamh 2019, de bhun Alt 40(4)(a) den Acht, trí sheasamh le cinneadh an Aire agus diúltú na ceadúnais dobharshaothraithe a bhí iarrtha a dheonú.

Bhain **AP8/2018** le hachomharc in aghaidh chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnas Dobharshaothraithe a dhiúltú do AG Oysters Ltd. chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú trí úsáid a bhaint as málaí agus tristéil i gCuan Bhanú, Co. Loch Garman ar Shuíomh T03/96.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP8/2018 | T03/96 | AG Oysters Ltd | AG Oysters Ltd |

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Rinne an Bord cinneadh ar na hAchomharc an 18 Meitheamh 2019, de bhun Alt 40(4)(a) den Acht, trí sheasamh le cinneadh an Aire agus diúltú an ceadúnas dobharshaothraithe a bhí iarrtha a dheonú.

## CUAN BHAILE MHAC ÓDA, CO. CHORCAÍ

**Baineann AP9/2018** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnas Dobharshaothraithe a dhiúltú don Uasal Killian Tighe, an tUasal Marc Perdriel agus an Uasal Michel Mousset, c/o Utterly Oysters Ltd, chun Oisrí a shaothrú ar an gcuid is idirthaoidí den urthrá ag Suíomh T05/545A i gCuan Bhaile Mhic Óda, Co. Chorcaí.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP9/2018 | T05/545A | An tUasal Killian Tighe & an tUasal Marc Perdriel | An tUasal Killian Tighe, an tUasal Marc Perdriel agus an tUasal Michel Mousset |

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Faoi mar a fhoráiltear le hAlt 56(3) den Acht, tá síneadh curtha ag an mBord leis an am chun cinneadh a dhéanamh i leith an Achomhairc seo go dtí an 31 Nollaig 2019.

## GAOTH LUACHAROIS BEAG, CO. DHÚN NA nGALL

Bhain **AP10/2018** le hachomharc in aghaidh chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnas Dobharshaothraithe a dhiúltú don Uasal Charles McHugh chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú trí úsáid a bhaint as málaí agus tristéil ar an taobh thoir de Ghaoth Luacharois Beag, Co. Dhún na nGall ar Shuíomh T12/431.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP10/2018 | T12/431 | An tUasal Charlie McHugh agus an tUasal Mr Vincent McGavigan | An tUasal Charles McHugh |

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Rinne an Bord cinneadh faoin Achomharc an 4 Samhain 2019 trína chinneadh, de bhun alt 4 den Acht Iascaigh agus Imeall Trá (Leasú) 1998, nach ndéanfadh sé cinneadh ar an Achomharc mar gur ndeachaigh an iarratasóir ar cheadúnas i mbun dobharshaothraithe san áit nó uiscí lenar bhain an tAchomharc (iarratas) sular deonadh ceadúnas faoin Acht.

Bhain **AP11/2018** le hachomharc in aghaidh chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú don Uasal Barry McGuinness chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú trí úsáid a bhaint as málaí agus tristéil ar an taobh thoir de Ghaoth Luacharois Beag, Co. Dhún na nGall ar Shuíomh T12/498A.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP11/2018 | T12/498 | Sheila McFerran Uasal & Ors | An tUasal Barry McGuinness |

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Faoi mar a fhoráiltear le hAlt 56(3) den Acht, tá síneadh curtha ag an mBord leis an am chun cinneadh a dhéanamh i leith an Achomhairc seo go dtí an 31 Márta 2020.

**CUAN CHNOCÁN NA LÍNE, CO. MHAIGH EO**

Bhain **AP12/2018** le hachomharc in aghaidh chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnas Dobharshaothraithe a dhiúltú do Tony McGrath chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú trí úsáid a bhaint as málaí agus tristéil i gCuan Chnocán na Líne, Co. Mhaigh Eo ar Shuíomhanna T03/96.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP12/2018 | T10/81A&B | Tony McGrath | Tony McGrath |

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Rinne an Bord cinneadh ar na hachomhairc seo an Dé Luain 4 Samhain 2019 de bhun Alt 40(4)(b) den Acht trí chinneadh a dhéanamh go ndearnadh an t-iarratas ar an gceadúnas amhail is go ndearnadh an t-iarratas chuig an mBord sa chéad ásc.

**LOCH NA dTRÍ gCAOL, CO. CHIARRAÍ**

Tríocha a dó (32) achomharc ar fad a fuarthas i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnais Dobharshaothraithe a dhiúltú chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú trí úsáid a bhaint as málaí agus tristéil ag suíomhanna i Loch na dTrí gCaol.

| Loch na dTrí gCaol | | | |
|---|---|---|---|
| Achomhairc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnais Dobharshaothraithe a dhiúltú chun Oisrí an Aigéin Chiúin a shaothrú trí úsáid a bhaint as málaí agus tristéil ag suíomhanna i Loch na dTrí gCaol. | | | |
| **Tagairt Achomhairc** | **Tagairt Suímh** | **Achomharcóir** | **Ceadúnaí** |
| AP13/2018 | T06/376 | Patrick O'Sullivan | Patrick O'Sullivan |
| AP14/2018 | T06/403A | Emmet Casey & Michael Sugrue | Emmet Casey & Michael Sugrue |
| AP15/2018 | T06/404A | Emmet Casey & Michael Sugrue | Emmet Casey & Michael Sugrue |
| AP16/2018 | T06/413A | Michael Sugrue | Michael Sugrue |
| AP17/2018 | T06/417A | Noel Foley | Noel Foley |
| AP18/2018 | T06/420 | Patrick & Joseph O'Sullivan | Patrick & Joseph O'Sullivan |
| AP19/2018 | T06/423 | Patrick Sugrue, Peter Tighe & Michael Sugrue | Patrick Sugrue, Peter Tighe & Michael Sugrue |
| AP20/2018 | T06/437A | Realt Na Mara | Realt Na Mara |
| AP21/2018 | T06/355 | Teahan Partners | Teahan Partners |
| AP22/2018 | T6/382/3/4A | Danny O'Sullivan | Danny O'Sullivan |
| AP23/2018 | T06/385A | Gerard O'Reilly | Gerard O'Reilly |
| AP24/2018 | T06/400A | Liam Teahan | Liam Teahan |
| AP25/2018 | T06/470A | Barry Clarke | Barry Clarke |
| AP26/2018 | T06/472 | Nigel Sheehan | Nigel Sheehan |
| AP27/2018 | T06/476 | Jonathan O'Connor | Jonathan O'Connor |
| AP28/2018 | T06/477 | Jonathan O'Connor | Jonathan O'Connor |

| | | | |
|---|---|---|---|
| AP29/2018 | T06/368 | Martin Riordan | Martin Riordan |
| AP30/2018 | T6/369 | Frank Riordan | Frank Riordan |
| AP31/2018 | T06/373 | Patrick Ashe | Patrick Ashe |
| AP32/2018 | T06/375 | William Casey | William Casey |
| AP33/2018 | T06/378 & 391 | John Cronin O'Reilly | John Cronin O'Reilly |
| AP34/2018 | T06/398 | Michael Scannell | Michael Scannell |
| AP35/2018 | T06/401 | John & Martin Riordan | John & Martin Riordan |
| AP36/2018 | T06/405 | John J Reilly | John J Reilly |
| AP37/2018 | T06/433 | Liam Hayes | Liam Hayes |
| AP38/2018 | T06/439 | Gerard Casey | Gerard Casey |
| AP39/2018 | T06/446 | Liam Hayes | Liam Hayes |
| AP40/2018 | T06/454 | Michael O'Connor | Michael O'Connor |
| AP41/2018 | T06/458 | Gerald McCarthy | Gerald McCarthy |
| AP42/2018 | T06/465 | John J Reilly | John J Reilly |
| AP43/2018 | T06/392 | Gerard O'Reilly | Gerard O'Reilly |
| AP44/2018 | T06/466 | Gerard O'Reilly | Gerard O'Reilly |

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Faoi mar a fhoráiltear le hAlt 56(3) den Acht, tá síneadh curtha ag an mBord leis an am chun cinneadh a dhéanamh i leith na nAchomharc seo go dtí an 28 Feabhra 2020.

**CUAN BANK, CO. CHORCAÍ**

Baineann **AP45/2018** le hachomharc i gcoinne chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnais Dobharshaothraithe agus Urthrá a dheonú do Wild Atlantic Sea Products Ltd., Na hAilichí ó Dheas, Na hAilichí, Béarra, Co. Chorcaí, Tagairt Suímh T5/591 chun feamainn a shaothrú trí úsáid a bhaint as córas eangaí spiléir ar shuíomh ar an urthrá cóngarach do Chuan Bank, Baile Chaisleáin Bhéarra, Bá Bheanntraí, Co. Chorcaí.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP45/2018 | T5/591 | Marine Harvest Ireland | Wild Atlantic Sea Products Ltd. |

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Faoi mar a fhoráiltear le hAlt 56(3) Acht Iascaigh (Leasú), 1997, tá síneadh curtha ag an mBord leis an am chun cinneadh a dhéanamh i leith na nAchomharc seo go dtí an 28 Feabhra 2020.

**BÁ NA CLOGAÍ, CO. LOCH GARMAN**

Bhain **AP46/2018** le hachomharc i gcoinne an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnas Dobharshaothraithe a dheonú do Irish Mussel Seed Co Ltd., Tagairt Suímh T32/27 chun síol diúilicíní a bhailiú trí úsáid a bhaint as spiléir ar shuíomh ar an urthrá idir Bá na Clogaí agus Rinn Chill Mhichíl, Co. Loch Garman.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP46/2018 | T32/27 | Irish Mussel Seed Co Ltd | Marion Rueter |


Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Rinne an Bord cinneadh faoin Achomharc an 18 Meitheamh 2019 trí chinneadh a dhéanamh, de bhun Alt 40(4)(a) d'Acht, cinneadh an Aire a dheimhniú agus an ceadúnas dobharshaothraithe a bhí iarrtha a dheonú.

## TRÁ BHRÉIGE, CO. DHÚN NA nGALL

Bhain **AP47/2018** le hachomharc in aghaidh chinneadh an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara Ceadúnas Dobharshaothraithe a dhiúltú do NorthWest Shellfish Ltd, An Charraig Uachtair, Carraig Airt, Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall, Tagairt Suímh T12/203 chun muiríní a shaothrú ar shuíomh sa Mhaoil Rua, Co. Dhún na nGall.

| Tagairt Achomhairc | Tagairt Suímh | Achomharcóir | Ceadúnaí |
|---|---|---|---|
| AP46/2018 | T12/203 | NorthWest Shellfish Ltd | NorthWest Shellfish Ltd |

Ní raibh cinneadh déanta i leith na n-achomharc thuas faoi dheireadh na bliana 2018. Rinne an Bord cinneadh faoin Achomharc an 18 Meitheamh 2019 trí chinneadh a dhéanamh, de bhun Alt 40(4)(a) d'Acht, cinneadh an Aire a dheimhniú agus ceadúnas dobharshaothraithe a dheonú;


Achomhairc ar Lámh in 2018
Bradán: Salmo Salar
Muiríní
Diúilicíní
Feamainn
Síol Diúilicíní
Oisrí
Loch Súilí
4
Trá Bhréige
5
An Bhráid
11
An Mhaoil Rua - 1
Gaoth Luacharois
Beag - 2
Cuan Chnocán na
Líne 1
Baile Lias 1
An Chlogach 1
Loch na dTrí gCaol - 32
Inis Fearn Ard
1
Shot Head 14
Cuan Bhanú 4
Baile Mhac Óda 1
Cuan Bank 1
Dún Mánais 2

## IMEACHTAÍ DLÍ

I gcomhréir le hAlt 73 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997, tá cead ag duine iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach ar chinneadh an Bhoird.

Thug Lough Swilly Oyster Society Limited (an tIarratasóir) imeachtaí dlí in aghaidh an Bhoird agus an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara faoi Uimhir Thaifid: 189/2018JR. Ba é aidhm na n-imeachtaí na horduithe/dearbhuithe a lorg a rá go raibh an tIarratasóir i dteideal go n-éistfeadh an Bord le hachomhairc áirithe agus go raibh achomhairc an Iarratasóra curtha isteach laistigh den am a shonraítear san Acht. Bhí imní ar an mBord nach raibh teidlíocht dlí ag an mBord na hachomhairc a mheas ag tagairt don dáta nuair a foilsíodh an nóta Aireachta agus chuir in iúl don Iarratasóir go rabhthas ag déanamh fiosraithe. Nuair a bhí deireadh lena bhfiosruithe, chuir an Bord in iúl don Iarratasóir go raibh an t-achomharc istigh in am agus go bhféadfadh an Bord é a mheas. Idir an dá linn bhí tús curtha le himeachtaí ag an Iarratasóir. Caitheadh an t-iarratas amach ina dhiaidh sin le toiliú.

## FORBAIRTÍ AR AN DLÍ PLEANÁLA/COMHSHAOIL

Tá tionchar suntasach á imirt ag beartas agus reachtaíocht chomhshaoil atá ag éirí níos casta, anuas ar chorp cásdlí atá ag teacht chun cinn ar conas atá an Bord ag déileáil le hachomhairc a chuirtear faoina bhráid. Baineann ceisteanna comhshaoil le go leor den chásdlí lena n-áirítear riachtanais maidir le measúnacht tionchair timpeallachta chomh maith le measúnaithe oiriúnacha faoin Treoir maidir le Gnáthóga. Chaith an Bord tréimhse shuntasach ama chun athbhreithniú agus nuashonrú a dhéanamh ar a nósanna imeachta chun breithniú agus cinneadh a dhéanamh ar achomhairc chun an reachtaíocht uile ábhartha agus an casdlí uile atá ag teacht chun cinn a chur san áireamh.

## ACMHAINNÍ

Níor cuireadh aon acmhainní breise ar fáil i rith 2018

## COMHARLIÚCHÁIN LE COMHLACHTAÍ EILE

Tá dualgas ar an ALAB chun cur amach a bheith i gcónaí aige ar bheartais chomhlachtaí áirithe a n-imríonn a bhfeidhmeanna tionchar ar a chuid oibre. Áirítear leo seo ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit eile.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Tá Rialachas Corparáideach san ALAB in ainm cloí le ceanglais ábhartha an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016, (an Cód), sa mhéid gur cuí agus aird ar mhéid bheag an chomhlachta. Tá an ALAB tiomanta d'athbhreithniú a dhéanamh ar a bheartais agus a nósanna imeachta rialachais ar bhonn leanúnach le comhlíonadh leanúnach an dea-chleachtais sa limistéar seo a chinntiú.

Sa chomhthéacs seo, faoi mar a cheanglaítear sa Chód, deimhním an méid seo a leanas:

1. Níor imir aon fhorbairtí lenar bhain suntasacht tráchtála tionchar ar an ALAB i gcaitheamh na tréimhse ón Dé Luain 1 Eanáir 2018 go dtí an 31 Nollaig 2018, ná níl

an Bord ar an eolas ar aon saincheisteanna móra ar dhóchúil go dtiocfaidís aníos sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma;

2. Ní ann d'aon idirbhearta airgeadais nach bhfuil sa chlár comhardaithe nach nochtar i dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an ALAB;
3. Táthar ag tabhairt faoi gach nós imeachta cuí le haghaidh tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, taistil, soláthair agus diúscairtí sócmhainne;
4. Cuireadh Cóid iompair don Bhord agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus cloíodh leo;
5. Mar gheall gur thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach comhalta foirne de chuid an ALAB ar iasacht dó, táthar ag cloí le beartas an Rialtais maidir le pá CEOnna agus gach fostaí le comhlacht Stáit;
6. Táthar ag cloí le treoirlínte an Rialtais maidir le táillí comhaltaí Boird;
7. Níor thit aon imeachtaí suntasacha iar-chláir comhardaithe amach;
8. Táthar ag cloí le ceanglais chuí Chód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
9. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus foilsíodh an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht;
10. Ta ceanglais bheartas taistil an Rialtais a gcomhlíonadh ar gach bealach;
11. Chomhlíon an ALAB a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach;
12. Ní ann d'aon díospóidí dlíthiúla ina bhfuil baint ag comhlachtaí Stáit eile;
13. Glacadh leis an gCód agus tá an Cód á chomhlíonadh a mhéid agus is cuí, agus aird ar mhéid agus scála an Bhoird; agus
14. níl aon fhochuideachtaí ag an ALAB.

B'ionann líon na gcruinnithe a tionóladh in 2018 agus seacht gcinn. Is mar a leanas a bhí líon na gcruinnithe ar ar freastalaíodh (is é an figiúr sna lúibíní líon na gcruinnithe ar a raibh comhalta Boird cuí incháilithe le freastal orthu):

| Comhalta Boird | Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Imelda Reynolds Uasal | 7 (7) |
| An tUasal Michael Sweeney | 7 (7) |
| An tUasal Sean Murphy | 2 (2) |
| An tUasal Jim Power | 5 (7) |
| An Dr Owen McIntyre | 4 (7) |
| An tUasal Brendan Brice | 7 (7) |
| Michael Mulloy | 4 (4) |
| An tUasal Francis O'Donnell | 4 (4) |

**An Coiste Iniúchóireachta**

Tá fo-choiste amháin ann leis an mBord - an Coiste Iniúchóireachta - agus is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don obair a rinne an Coiste seo. I rith na bliana faoi chaibidil, chas an Coiste Iniúchóireachta lena chéile ceithre huaire, agus cuireadh tuairisciú ar a chruinnithe ar fáil do Bhord an ALAB.

| Comhalta | Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh (is é an figiúr sna lúibíní líon na gcruinnithe ar a raibh comhalta Boird cuí incháilithe le freastal orthu) |
|---|---|
| An tUasal Michael Sweeney Cathaoirleach | 4 |
| An tUasal Jim Power | 3 |
| An tUasal Brendan Brice | 4 |

## TIOMANTAS DON GHAEILGE

Tá an ALAB tiomanta do gach cuid ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chur i bhfeidhm. Tá an chomharthaíocht agus an páipéarachas araon i nGaeilge agus i mBéarla araon faoi láthair.

## CÓD EITICE AGUS IOMPAIR GNÓ

Tá Cód Eitice agus Iompair Gnó i bhfeidhm do gach comhalta den Bhord agus tá sé curtha in airde ar an láithreán gréasáin @ www.alab.ie

## LÁITHREÁN GRÉASÁIN

Coimeádann ALAB láithreán gréasán gníomhach ag www.alab.ie

## FOCAL SCOIR

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt do bhaill foirne an ALAB agus dá soláthraithe seirbhíse seachtracha, a bhí lárnach i dtaobh cuidiú le Bord an ALAB agus tacaíocht a thabhairt dóibh i rith na bliana. Mar eagraíocht, tá an ALAB ag déileáil le roinnt mhaith athruithe ach ag an am céanna ag féachaint le cloí lena fheidhmíocht mhaith. Rinne Rúnaí an ALAB agus a cuid foirne obair shuntasach, agus glacaim buíochas leo as an obair dhian a chuir siad isteach, as an tacaíocht leanúnach a chuireann siad ar fáil agus as a ngairmiúlacht i rith 2018.

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do dhúthracht chomhaltaí Boird an ALAB i leith luachanna an neamhspleáchais, ionracais, gairmiúlachta agus cothroime. Ba mhór an pléisiúr agam bheith i mbun oibre libh i rith 2018.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'oifigigh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara as an tacaíocht agus cúnamh a thug siad don ALAB i rith na bliana. Táim ag súil le leanúint le dul i mbun oibre le foireann an ALAB agus leis na Comhaltaí Boird agus muid ag obair go leanúnach leis an ALAB sna blianta atá romhainn.

**Aguisín 1**

**Liosta na ndaoine a bhí fostaithe ag an mBord i rith 2018 de bhun Alt 35 den Acht Iascaigh (Leasú)**

## Comhairle Theicniúil

Graham Saunders, Éiceolaí Muirí agus Sainchomhairleoir Comhshaoil 13/10 Sráid Wardlaw, Dún Éideann EH11 1TN, An Ríocht Aontaithe

Aquafact International Services, 12 Kilkerrin Park, Eastát Tionscail an Leasa Bháin, Bóthar Thuama, Gaillimh, H91 FW7V

An tUasal Richard Butler, Modelworks, An Seanchlós Cúirte, Ascaill Pháirc an Bhaile Nua,An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath

An Dr. Tom Gittings, Sainchomhairleoir Éiceolaíochta, 3 Tithe na Gardaí Cósta, Rinn an Róistigh, An Geata Bán, Co. Chorcaí

## Lucht Dlí

Denis McSweeney, Aturnaetha, 16 Plás Hoirbeaird, Baile Átha Cliath 2, D02 X034

Tim O Sullivan – Comhairle Shóisearach.

## Cuntasóirí

Anne Brady McQuillans DFK, Cúirt Uíbh Eachach, Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

## Seirbhísí Aistriúcháin

Word Perfect Translations

## Aguisín 2

### Cuntais iniúchta don ALAB don Bhliain dar críoch an Dé Luain 31 Nollaig 2018.

an Bord ar an eolas ar aon saincheisteanna móra ar dhóchúil go dtiocfaidís aníos sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma;

2. Ní ann d'aon idirbhearta airgeadais nach bhfuil sa chlár comhardaithe nach nochtar i dtuarascáil bhliantúil agus ráitis airgeadais an ALAB;
3. Táthar ag tabhairt faoi gach nós imeachta cuí le haghaidh tuairisciú airgeadais, iniúchóireacht inmheánach, taistil, soláthair agus diúscairtí sócmhainne;
4. Cuireadh Cóid iompair don Bhord agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus cloíodh leo;
5. Mar gheall gur thug an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach comhalta foirne de chuid an ALAB ar iasacht dó, táthar ag cloí le beartas an Rialtais maidir le pá CEOnna agus gach fostaí le comhlacht Stáit;
6. Táthar ag cloí le treoirlínte an Rialtais maidir le táillí comhaltaí Boird;
7. Níor thit aon imeachtaí suntasacha iar-chláir comhardaithe amach;
8. Táthar ag cloí le ceanglais chuí Chód Caiteachais Phoiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe;
9. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus foilsíodh an tuarascáil bhliantúil a cheanglaítear faoi alt 22(1) den Acht;
10. Ta ceanglais bheartas taistil an Rialtais a gcomhlíonadh ar gach bealach;
11. Chomhlíon an ALAB a chuid oibleagáidí faoin dlí cánach;
12. Ní ann d'aon díospóidí dlíthiúla ina bhfuil baint ag comhlachtaí Stáit eile;
13. Glacadh leis an gCód agus tá an Cód á chomhlíonadh a mhéid agus is cuí, agus aird ar mhéid agus scála an Bhoird; agus
14. níl aon fhochuideachtaí ag an ALAB.

B'ionann líon na gcruinnithe a tionóladh in 2018 agus seacht gcinn. Is mar a leanas a bhí líon na gcruinnithe ar ar freastalaíodh (is é an figiúr sna lúibíní líon na gcruinnithe ar a raibh comhalta Boird cuí incháilithe le freastal orthu):

| Comhalta Boird | Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh |
|---|---|
| Imelda Reynolds Uasal | 7 (7) |
| An tUasal Michael Sweeney | 7 (7) |
| An tUasal Sean Murphy | 2 (2) |
| An tUasal Jim Power | 5 (7) |
| An Dr Owen McIntyre | 4 (7) |
| An tUasal Brendan Brice | 7 (7) |
| Michael Mulloy | 4 (4) |
| An tUasal Francis O'Donnell | 4 (4) |

**An Coiste Iniúchóireachta**

Tá fo-choiste amháin ann leis an mBord - an Coiste Iniúchóireachta - agus is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don obair a rinne an Coiste seo. I rith na bliana faoi chaibidil, chas an Coiste Iniúchóireachta lena chéile ceithre huaire, agus cuireadh tuairisciú ar a chruinnithe ar fáil do Bhord an ALAB.

| Comhalta | Líon na gCruinnithe ar ar Freastalaíodh (is é an figiúr sna lúibíní líon na gcruinnithe ar a raibh comhalta Boird cuí incháilithe le freastal orthu) |
|---|---|
| An tUasal Michael Sweeney Cathaoirleach | 4 |
| An tUasal Jim Power | 3 |
| An tUasal Brendan Brice | 4 |

## TIOMANTAS DON GHAEILGE

Tá an ALAB tiomanta do gach cuid ábhartha d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 a chur i bhfeidhm. Tá an chomharthaíocht agus an páipéarachas araon i nGaeilge agus i mBéarla araon faoi láthair.

## CÓD EITICE AGUS IOMPAIR GNÓ

Tá Cód Eitice agus Iompair Gnó i bhfeidhm do gach comhalta den Bhord agus tá sé curtha in airde ar an láithreán gréasáin @ www.alab.ie

## LÁITHREÁN GRÉASÁIN

Coimeádann ALAB láithreán gréasán gníomhach ag www.alab.ie

## FOCAL SCOIR

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun aitheantas a thabhairt do bhaill foirne an ALAB agus dá soláthraithe seirbhíse seachtracha, a bhí lárnach i dtaobh cuidiú le Bord an ALAB agus tacaíocht a thabhairt dóibh i rith na bliana. Mar eagraíocht, tá an ALAB ag déileáil le roinnt mhaith athruithe ach ag an am céanna ag féachaint le cloí lena fheidhmíocht mhaith. Rinne Rúnaí an ALAB agus a cuid foirne obair shuntasach, agus glacaim buíochas leo as an obair dhian a chuir siad isteach, as an tacaíocht leanúnach a chuireann siad ar fáil agus as a ngairmiúlacht i rith 2018.

Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt do dhúthracht chomhaltaí Boird an ALAB i leith luachanna an neamhspleáchais, ionracais, gairmiúlachta agus cothroime. Ba mhór an pléisiúr agam bheith i mbun oibre libh i rith 2018.

Chomh maith leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl d'oifigigh na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara as an tacaíocht agus cúnamh a thug siad don ALAB i rith na bliana. Táim ag súil le leanúint le dul i mbun oibre le foireann an ALAB agus leis na Comhaltaí Boird agus muid ag obair go leanúnach leis an ALAB sna blianta atá romhainn.

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018


| Clár | Leathanach |
| --- | --- |
| Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta | 1 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis | 2-4 |
| Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 5-6 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 7 |
| Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | 8 |
| Ráiteas ar an Staid Airgeadais | 9 |
| Ráiteas ar Shreabhadh Airgid | 10 |
| Nótaí leis na Ráitis Airgeadais | 11-13 |

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## Comhaltaí Boird agus Faisnéis Ghinearálta

| | |
|---|---|
| **Comhalta Boird:** | Imelda Reynolds Uasal *(Cathaoirleach)*<br>An tUasal Brendan Brice<br>An Dr Owen McIntyre<br>An tUasal Michael Mulloy (ceaptha an 06/06/2018)<br>An tUasal Sean Murphy (ar scor an 20/05/2018)<br>An tUasal Francis O'Donnell *(*ceaptha 25/08/2018)<br>An tUasal Jim Power<br>An tUasal Michael Sweeney |
| **Rúnaí:** | Mary O'Hara Uasal |
| **Seoladh Gnó:** | Cúirt Choill Mhinsí<br>Bóthar Bhaile Átha Cliath<br>Port Laoise<br>Co. Laoise<br>R32 DTW5 |
| **Iniúchóirí** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1<br>D01 PF72 |
| **Baincéirí:** | Banc-Aontas Éireann<br>100 Sráid Grafton<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 N671 |
| **Aturnaetha:** | Denis McSweeney - Aturnaetha<br>16 Plás Hoirbeaird<br>Baile Átha Cliath 2<br>D02 X034 |

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

### Rialachas

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnas Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Is í feidhm an Bhoird ná údarás neamhspleách a sholáthar chun cinneadh a dhéanamh faoi achomhairc i gcoinne chinntí an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara i dtaobh iarratais ar cheadúnais dobharshaothraithe.

### Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Bhoird in Alt 40 agus 60 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. I measc na mbuan-nithe a bhreithníonn an Bord, tá:

- dearbhú leasanna
- tuarascálacha ó choistí
- tuarascálacha airgeadais/bainistíochta cuntais, agus
- achomhairc atá ar siúl

Ceanglaítear faoi Alt 37(1) den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe chun gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú ceanglaítear ar an mBord:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- a lua, cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh.

Tá an Bord freagrach as taifid leordhóthanacha chuntais a choinneáil a léiríonn le cruinneas réasúnach ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais Alt 37(1) den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Tá an Bord freagrach freisin as sócmhainní an Bhoird a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.
Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnas Dobharshaothraithe amhail an 31 Nollaig 2018.

### Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach agus seisear gnáthchomhaltaí atá ceaptha ar fad ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Ceaptar comhaltaí an Bhoird ar feadh tréimhsí éagsúla agus bíonn siad ag teacht le chéile ar bhonn rialta. Tugtar sainmhíniú sa tábla thíos ar na tréimhsí ceaptha do chomhaltaí amhail an 31 Nollaig 2018 agus do chomhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta a ceapadh |
|---|---|---|
| Imelda Reynolds Uasal | Cathaoirleach | 01/04/2014 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 31 Márta 2019. Athcheaptha an 1 Aibreán 2019 ar feadh téarma cúig bliana go dtí 31 Márta 2024 |
| An tUasal Sean Murphy | Gnáthchomhalta | Athcheaptha an 1 Eanáir 2018 go dtí gur éirigh sé as an 20 Bealtaine 2018 chun Alt 24 den Acht an chomhlíonadh |
| An tUasal Michael Sweeney | Gnáthchomhalta | Ceaptha ina Leaschathaoirleach an 1 Eanáir 2018 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 31 Nollaig 2022 |
| An tUasal Jim Power | Gnáthchomhalta | Athcheaptha 17 Meitheamh 2016 ar feadh téarma trí bliana go dtí an 16 Meitheamh 2019 |
| An Dr Owen McIntyre | Gnáthchomhalta | Athcheaptha 17 Meitheamh 2016 ar feadh téarma trí bliana go dtí an 16 Meitheamh 2019 |
| An tUasal Brendan Brice | Gnáthchomhalta | Athcheaptha 17 Meitheamh 2016 ar feadh téarma trí bliana go dtí an 16 Meitheamh 2019 |
| An tUasal Michael Mulloy | Gnáthchomhalta | Ceaptha an 6 Meitheamh 2018 ar feadh téarma cúig bliana go dtí an 5 Meitheamh 2023 |
| An tUasal Francis O'Donnell | Gnáthchomhalta | Ceaptha an 6 Meitheamh 2018 ar feadh téarma trí bliana go dtí an 24 Iúil 2021 |

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Údaráis

*Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ar leanúint*

Tá coiste amháin bunaithe ag an mBord mar a leanas:

**An Coiste Iniúchta agus Riosca.** Cuimsíonn an coiste seo triúr Comhaltaí boird. Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ná tacaíocht a thabhairt don Bhord maidir lena chuid freagrachtaí chun saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas a mhaoirsiú. Tá ARC neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, áirithíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchta. Tuairiscíonn an ARC chuig an mBord i ndiaidh gach cruinnithe.

Is iad baill an Choiste Iniúchta agus Riosca ná: An tUasal Michael Sweeney (Cathaoirleach), An tUasal Brendan Brice agus An tUasal Jim Power. Bhí ceithre chruinniú ag an ARC in 2018.

### Sceideal Freastail, Táillí agus Costas

Leagtar amach thíos sceideal do fhreastal ag cruinnithe an Bhoird agus an Choiste do 2018 lena n-áirítear táillí agus costais a fuair gach comhalta :

| | An Bord | An Coiste Iniúchta & Riosca | Cruinnithe Incháilit | Táillí 2018 € | Costais 2018 € |
|---|---|---|---|---|---|
| An Líon Cruinnithe | 7 | 4 | | | |
| Imelda Reynolds | 7 | | 7 | 8,978 | 651 |
| Sean Murphy | 2 | | 2 | 2,302 | 275 |
| Michael Sweeney | 7 | 4 | 7 | 5,985 | 1,673 |
| Jim Power | 5 | 3 | 7 | 5,985 | 389 |
| Michael Mulloy | 4 | | 4 | 3,491 | 1,738 |
| Francis O'Donnell | 4 | | 4 | 2,609 | 2,288 |
| Owen McIntyre | 4 | | 7 | - | 346 |
| Brendan Brice | 7 | 4 | 7 | 5,985 | 1,656 |
| | | | | **35,335** | **9,016** |

Tá comhalta amháin, an Dr Owen McIntyre, nach bhfaigheann táillí ar bith ón mBord mar thoradh ar an bprionsabal Aon Tuarastal Amháin d'Aon Duine Amháin (OPOS).

### Táillí Dlí agus Gairmiúla

Cuimsíonn táillí dlí agus gairmiúla an costas a bhaineann le comhairle agus bainistíocht sheachtrach.

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Comhairle dlí ghinearálta | 33,353 | 14,545 |
| Costais a bhaineann le Sainchomhairleoir Teicniúil | 46,319 | 49,423 |
| Costais a bhaineann le hÉisteacht ó Bhéal | - | 14,938 |
| Eile | 12,803 | 12,549 |
| | 92,475 | 91,455 |

*Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird ar leanúint*

| **Costais Taistil agus Cothabhála** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Baile | | |
| - An Bord | 9,016 | 11,369 |
| - Fostaithe | 1,266 | 1,567 |
| | 10,282 | 12,936 |

### Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) ("an Cód") glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Chomhlíon an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe forálacha an Chóid a bhaineann leis go hiomlán seachas an méid seo a leanas:

- Ní bhaineann forálacha an Chóid maidir le ceapadh, líon, grádú agus coinníollacha don fhoireann, lena n-áirítear íocaíocht agus aoisliúntas leis an ALAB ós rud é go dtugtar an fhoireann ar fad ar iasacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ("DAFM").
- Tá an Bord den tuairim nach bhfuil gá le plean straitéiseach foirmiúil mar gheall ar mhéid agus ar scála an ALAB agus mar gheall gur chun achomhairc a chinneadh de bhun an Achta amháin a bunaíodh é. Tá sé beartaithe dul i mbun Chomhaontaithe Feidhmíochta & Maoirseachta le DAFM agus creideann an Bord go dtabharfaidh sé seo ábhair le chéile a d'fhéadfaí a chuimsiú i bplean straitéiseach de ghnáth.
- Níl Príomhoifigeach Riosca ag an ALAB. Mar gheall ar mhéid agus ar scála oibríochta an ALAB tá an Bord den tuairim anois gur féidir riosca a bhainistiú idir an Rúnaí, Coiste Iniúchta agus Riosca an Bhoird agus an Bord é féin.
- Níl feidhm iniúchóireachta inmheánach ar leith ag an ALAB. Téann an Bord i dteagmháil le saineolaithe seachtracha ó am go ham nuair is cuí agus chun tabhairt faoi athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha ach go háirithe.
- Níl Plean Corparáideach Soláthair foirmiúil ag an ALAB. Mar gheall ar mhéid agus ar scála an ALAB tá an Bord den tuairim anois nach bhfuil gá le plean dá leithéid.
- Níl Cairt Chustaiméirí ag an ALAB. Mar gheall ar an gcineál boird atá san ALAB, tá an Bord den tuairim anois nach bhfuil Cairt dá leithéid cuí.

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

**Scóip na Freagrachta**

Thar ceann an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach Rialaithe Inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Glactar san áireamh sa fhreagracht sin ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

**Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach**

Tá an córas um rialú inmheánach leagtha amach chun riosca go leibhéal infhulaingthe a bhainistiú seachas é a chur as an áireamh ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhnithe cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

**An Acmhainn Déileáil le Riosca**

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe a chuimsíonn trí chomhalta Boird. Tháinig an ARC le chéile ceithre huaire le linn na bliana 2018.

**Creat Riosca agus Rialaithe**

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid agus is féidir.
Dobharshaothraithe agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádaithe de réir a dtábhachta. Déanann an ARC an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn ráithe. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhaill foirne sonracha. Dearbhaímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- tá doiciméadú déanta ar nósanna imeachta do gach príomhphróiseas ghnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist,
- tá córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag an bainistíocht shinsearach, agus ag an mBord
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú, agus
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach

*Ráiteas ar Rialú Inmheánach ar Leanúint.*

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh agus don Bhord, nuair is ábhartha agus in am trátha. Deimhnímid go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- tá príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta, agus
- déanann an Bord athbhreithniú go rialta ar thuarascálacha feidhmíochta tréimhsiúla agus bliantúla agus airgeadais a thugann léiriú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséid/réamhaisnéisí.

### Soláthar

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte reatha soláthair á gcomhlíonadh agus gur chloí an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe leis na nósanna imeachta seo in 2018.

### Athbhreithniú ar Éifeachtacht

Deimhnímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialuithe. Cuireann obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha, an ARC a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre agus an bhainistíocht shinsearach sa Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil obair mhonatóireachta agus athbhreithnithe an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

Deimhnímid gur chuir an Bord athbhreithniú i gcrích maidir le héifeachtacht an rialaithe airgeadais inmheánaigh do 2018 ag cruinniú dá chuid an 26 Márta 2019.

Thar ceann an Bhoird

Imelda Reynolds

Imelda Reynolds Uasal
Cathaoirleach

Dáta: 31 Eanair 2020

An tUasal Michael Sweeney
Comhalta Boird

Dáta: 31 Eanair 2020.

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

An tArd Reachtaire Cuntas agus Ciste

**Comptroller and Auditor General**

## Tuarascáil arna tíolacadh ar Bhord Achomhairc um

## Cheadúnais Dobharshaothraithe Thithe an Oireachtais

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 faoi réir fhorálacha alt 37 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Tá na ráitis airgeadais comhdhéanta de

- ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas agus ar chúlchistí coinnithe ioncaim
- an ráiteas ar an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhadh airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar ioncam agus chaiteachas don bhliain 2018 de réir an Chaighdeáin Tuairiscithe Airgeadais (FRS) 102 – *An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis san RA AGUS IN Éirinn.*

*An bonn atá leis an tuairim*

Thug mé faoi m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais de réir Chaighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) faoi mar atá fógartha ag Eagraíocht Idirnáisiúnta na nInstitiúidí Náisiúnta Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin i bhfoscríbhinn na tuarascála seo. Táim neamhspleách ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe agus tá na freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Measaim go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá aimsithe agam leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar nithe eile seachas na ráitis airgeadais agus ar nithe eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. Cuimsítear leis sin an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Déantar cur síos ar na freagrachtaí atá orm le tuairisc a thabhairt maidir leis an eolas sin, agus ar ábhair áirithe eile lena dtuairiscím trí eisceacht, i bhfoscríbhinn na tuarascála seo.

Níl aon ní le tuairisciú agam ina leith sin.

**Mark Brady**

**Don Ard-Reachtaire Cuntas**
**agus Ciste agus thar a cheann**
**an 27 Samhain 2019**

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as

- ráitis airgeadais a ullmhú ar an mbealach a fhorordaítear faoi Alt 37 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997
- a chinntiú go dtugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom de réir FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- oiriúnacht úsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh a mheas, agus
- rialú inmheánach dá leithéid a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid.

## Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheanglas orm faoi alt 37 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe agus tuairisciú chuig Tithe an Oireachtais ina leith.

Is é an cuspóir atá agam agus an t-iniúchadh á chur i gcrích agam ná teacht ar dhearbhú réasúnach ar cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalaois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh de réir na ISAnna, cuirim breithiúnas gairmiúil i bhfeidhm agus cloím le sceipteachas gairmiúil i rith an iniúchta. Lena linn sin déanaim,

- Na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha ar na ráitis

  airgeadais,
  cibé mar thoradh ar chalaois nó earráid atá sé a shainaithint agus a mheas;
  nósanna imeachta iniúchta a leagan amach agus a chur i gcrích atá freagrúil do na rioscaí sin; agus fianaise iniúchóireachta a fháil atá leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim. Tá riosca níos mó ann nach dtiocfar ar mhíráiteas ábhartha mar gheall ar chalaois seachas mar gheall ar earráid, ós rud é go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó rialú inmheánach a shárú a bheith i gceist.
- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchta a leagan amach atá
  oiriúnach sna himthosca, ach gan chun críche tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.

  Oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáidtear agus réasúnacht na meastachán cuntasaíochta agus na nochtuithe ábhartha a mheas.
- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu a bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, tá sé de cheanglas orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtuithe ábhartha atá sna ráitis airgeadais, nó mura leor nochtuithe dá leithéid, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas suas go dtí dáta mo thuarascála. Ach mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí
- nó coinníollacha amach anseo a bheith mar chúis leis an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe scor de bheith ag feidhmiú mar ghnóthas leantach.

  Cur i láthair, struchtúr agus ábhar ginearálta na ráiteas airgeadais a mheas, lena n-áirítear nochtuithe, agus cibé an léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta bunúsacha agus na himeachtaí ar bhealach trína mbaintear amach cur i láthair atá cothrom.

Déanaim teagmháil leosan a leagtar de chúram orthu rialachas maidir le – i measc ábhair eile – scóip agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní bhaineann mo thuairim a thugaim ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile a ndéantar a chur i láthair sna ráitis sin, agus ní thugaim aon deimhniú conclúideach de chineál ar bith ina leith.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, de sé cheanglas orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Má shocraím, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist san fhaisnéis eile seo, éilítear orm tuairisciú ina leith sin.

### *Tuairisciú ar ábhair eile*

Tugadh faoin iniúchadh de réir breithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit i ndáil lena mbainistiú agus a bhfeidhmiú. Tuairiscím má fhaighim nithe ábhartha ann a bhaineann leis an tslí a ndearnadh gnó poiblí.

Lorgaím fianaise faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím ar aon chás ábhartha nach bhfeidhmítear airgead poiblí chun na gcríoch dá bhfuil sé beartaithe, nó sa chás nach mbíonn na hidirbhearta ag teacht leis na húdaráis a dhéanann rialú orthu.

Tuairiscím trí eisceacht chomh maith más rud é, de réir mo thuairime,

- nach bhfaighim an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaíonn uaim chun m'iniúchadh a dhéanamh, nó
- nach raibh taifid chuntasaíochta an chomhlachta

  leordhóthanach
  ann chun go bhféadfaí na ráitis airgeadais a iniúchadh go hiomchuí nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## iiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnitl

## don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Oireachtais | 2 | **195,053** | 225,294 |
| Ioncam Achomhairc | | **20,706** | 4,571 |
| | | **215,759** | 229,865 |
| **Caiteachas** | | | |
| Costais Foirne | 3 | 120,053 | 85,294 |
| Táillí Boird | 4 | 35,335 | 14,687 |
| Táillí Riaracháin | 5 | 6,476 | 7,288 |
| Táillí Dlí & Gairmiúla | 5 | 92,475 | 104,532 |
| Costais Taistil | 5 | 10,282 | 12,936 |
| | | **264,621** | 224,737 |
| Barrachas / (Easnamh) don bhliain | | **(48,862)** | 5,128 |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh an 1 Eanáir | | **56,589** | 51,461 |
| Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nolla | | **7,727** | 56,589 |

Sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe, áirítear gnóthachain agus caillteanais a aithníodh sa bhliain.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí

Thar ceann an Bhoird

Imelda Reynolds
Imelda Reynolds Uasal
Cathaoirleach

Dáta: 31 Eanair 2020

An tUasal Michael Sweeney
Comhalta Boird

Dáta: 31 Eanair 2020

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráiteas ar an Staid Airgeadais

## amhail an 31 Nollaig 2018

| | Nótaí | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 7 | **5,856** | 17,616 |
| Airgead tirim agus Coibhéisí airgid | 8 | **30,622** | 65,226 |
| | | **36,478** | 82,842 |
| **Dliteanais Reatha:** (Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin) | | | |
| Suimeanna iníoctha | 9 | **(28,751)** | (26,253) |
| **Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais)** | | **7,727** | 56,589 |
| Glan-Sócmhainní iomlána: | | **7,727** | 56,589 |
| **A Ionadaíonn do** | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Coinnithe | | **7,727** | 56,589 |
| | | **7,727** | 56,589 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na nótaí 1 go dtí 12.

Thar ceann an Bhoird

Imelda Reynolds Uasal
Cathaoirleach

Dáta: 31 Eanair 2020

An tUasal Michael Sweeney
Comhalta Boird

Dáta: 31 Eanair 2020.

# An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid

### Barrachas/(Easnamh) don bhliain chuig glan-insreabhadh airgid a réiteach

| | Nótaí | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Glan-Sreabhadh Airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Barrachas/ (Easnamh) don bhliain | | **(48,862)** | 5,128 |
| (Ardú)/ Laghdú ar Infháltais | | **11,760** | (14,404) |
| Ardú/ (Laghdú) ar Shuimeanna Iníoctha | | **2,498** | 9,063 |
| **Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **(34,604)** | (213) |
| **Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluach in airgea** | | **(34,604)** | (213) |
| **Airgead tirim agus comhluach in airgead tirim amhail an 1 Eanái** | | **65,226** | 65,439 |
| **Airgead tirim agus comhluach in airgead tirim amhail a** | **8** | **30,622** | 65,226 |

**An Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe**

**Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018**

**Nótaí leis na Ráitis Airgeadais**

**BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

**I.a) EOLAS GINEARÁLTA**

Bunaíodh an Bord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe an 17 Meitheamh 1998 faoi Alt 22 den Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Tá an ceannoifig lonnaithe ag Cúirt Choill Mhinsí, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Port Laoise, Co. Laoise. Is é príomhchuspóir an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ná déileáil le achomhairc i gcoinne chinntí an Aire maidir le ceadúnais dobharshaothraithe.

**b) Ráiteas Comhlíontachta**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Bhoird Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC).

**c) Bonn ullmhúcháin**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir an choinbhinsiúin costais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas áirithe a thomhaistear de réir luachanna cothroma arna míniú sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais sa chruth atá ceadaithe ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus aontaithe ag an Aire Airgeadais faoin Acht Iascaigh (Leasú), 1997. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a meastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais ón mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe

**d) Ioncam**

Aithnítear ioncam achomhairc agus ioncam eile ar bhonn fabhraithe.
Aithnítear Deontais ón Oireachtas ar bhonn fáltas airgid.

**e) Sochair d'Fhostaithe**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, mar saoire le pá mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a thabhaítear ag deireadh na bliana sa bhfigiúr 'Suimeanna Iníoctha' sa Ráiteas maidir le Staid Airgeadais.

**Fostaithe agus Aoisliúntas**

Níl aon fhostaithe ag an mBord seachas an rúnaí agus beirt chúntóirí atá ina gcomhaltaí de scéim caighdeánach aoisliúntais na státseirbhíse. Dá réir sin, níl aon dhliteanas ar an mBord maidir le haoisliúntas.

| **2 Ioncam** | **2018** **€** | **2017** **€** |
|---|---:|---:|
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara C10.3.1 | 75,000 | 110,000 |
| An Roinn Talmhaíochta. Bia agus Mara. A3.6 | - | 30,000 |
| An Roinn Talmhaíochta. Bia & Mara A10.7 | 120,053 | 85,294 |
| Táillí Achomhairc | 20,706 | 4,571 |
| | 215,759 | 229,865 |

*Beartais chuntasaíochta ar lean.*

## 3 Luach Saothair agus costais eile phá

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Tuarastail an rúnaí agus comhaltaí foirne eile | 120,053 | 85,294 |
| | 120,053 | 85,294 |

Tá an Rúnaí agus beirt chomhaltaí foirne eile den Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe ar iasacht ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus ní raibh aon luach saothair breise ná díolaíochtaí á bhfáil acu maidir lena róil don Bhord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe. D'íoc an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach luach saothair agus díolaíocht agus d'asbhain sí gach costas ábhartha as a dtuarastail, an tobhach pinsin san áireamh

## 4 Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Fuair na Comhaltaí Boird an luach saothair agus costais taistil agus cothabhála seo a leanas don bhliain

| | Luach Saothair € | | Taisteal & Cothabháil sa Bhaile € | |
|---|---|---|---|---|
| | 2018 | 2017 | 2018 | 2017 |
| An tUasal Jim Power | 5,985 | 5,985 | 389 | 842 |
| An tUasal Owen McIntyre | - | (18,231) | 346 | 2,322 |
| An tUasal Sean Murphy | 2,302 | 5,985 | 275 | 2,561 |
| An tUasal Michael Mulloy | 3,491 | - | 1,738 | - |
| An tUasal Francis O'Donnell | 2,609 | - | 2,288 | - |
| Imelda Reynolds Uasal (Cathaoirleach) | 8,978 | 8,978 | 651 | 1,162 |
| An tUasal Michael Sweeney | 5,985 | 5,985 | 1,673 | 2,885 |
| An tUasal Brendan Brice | 5,985 | 5,985 | 1,656 | 1,597 |
| | 35,335 | 14,687 | 9,016 | 11,369 |

## 5 Caiteachas

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Taisteal agus Cothabháil - Comhaltaí Boird agus foireann | 10,282 | 12,936 |
| Costais Ghinearálta | 3,370 | 3,703 |
| Árachas | 2,089 | 2,395 |
| Guthán | 672 | 790 |
| Táillí dlí | 33,353 | 14,545 |
| Táillí a bhaineann le hÉisteacht ó Bhéal | - | 18,909 |
| Táillí gairmiúla eile | 47,029 | 58,001 |
| Costais chuntasaíochta agus phárolla | 8,093 | 9,077 |
| Táillí Iniúchta | 4,000 | 4,000 |
| Muirir Bhainc | 345 | 400 |
| | 109,233 | 124,756 |

*Beartais chuntasaíochta ar lean.*

## 6 Maoin, Fearas agus Trealamh

Níl aon Sócmhainní Seasta ag an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobharshaothraithe.
Is leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara gach Sócmhainn Seasta.
Ní raibh aon chíos, rátaí ná táillí seirbhíse gaolmhara dlite ar an mBord Achomhairc um Cheadúnais Dobhai

## 7 Infháltais

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Infháltais Eile | 4,233 | 15,082 |
| Réamhíocaíochtaí | 1,623 | 2,534 |
| | 5,856 | 17,616 |

## 8 Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Cuntais Reatha | 30,622 | 65,223 |
| Mionairgead | - | 3 |
| | 30,622 | 65,226 |

## 9 Suimeanna iníoctha

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Suimeanna Iníoctha/Fabhruithe | 21,611 | 18,799 |
| PAYE / PRSI atá iníoctha | 3,021 | 2,549 |
| PSWT atá iníoctha | 4,119 | 4,905 |
| | 28,751 | 26,253 |

## 10 Ceadú na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 26 March 2019